Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16977/24**

**POLCOM 312**
**FDI 82**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir lena bhfuil i ndán don bheartas Eorpach cosanta infheistíochta<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 16 Nollaig 2024) |

San Iarscríbhinn gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir lena bhfuil i ndán don bheartas Eorpach cosanta infheistíochta , a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4069ú gcruinniú a bhí aici an 16 Nollaig 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir lena bhfuil i ndán don bheartas Eorpach cosanta infheistíochta**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS:

1. LEAGANN SIAD BÉIM AR a thábhachtaí atá comhaontuithe ar leibhéal an Aontais i réimse na cosanta infheistíochta ós rud é gur príomhionstraimí iad chun creat comhleanúnach cosanta infheistíochta a áirithiú san Aontas;

2. AITHNÍONN SIAD a thábhachtaí atá an díospóireacht straitéiseach maidir lena bhfuil i ndán don bheartas Eorpach cosanta infheistíochta a thionscain Uachtaránacht na hUngáire;

3. MOLANN SIAD leanúint den idirphlé sa Chomhairle chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair a bhaineann go háirithe le comhaontuithe cosanta infheistíochta an Aontais a chaibidil agus a thabhairt i bhfeidhm;

4. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún Rialachán 1219/2012 a chur i bhfeidhm agus go leor solúbthachta ann chun go mbeidh na Ballstáit caibidlíochta in ann dul i mbun caibidlíochta ar bhealach éifeachtach agus lánurraim do dhlí agus do bheartas an Aontais á háirithiú ag an am céanna;

5. LEAGANN SIAD BÉIM ar luach na dtionscnamh iltaobhach athchóirithe atá ar bun laistigh de Mheitheal III de chuid UNCITRAL agus faoi chuimsiú chlár oibre ECFE maidir le Todhchaí na gConarthaí Infheistíochta;

6. IARRANN SIAD go leanfar den idirphlé agus den chomhar idir an Chomhairle, an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le beartas cosanta infheistíochta an Aontais a mhúnlú.